



# IRISH VACSAÍN MVA-BN MAR FHREAGRA AR BHOLGACH MONCAÍ

Bileog Eolais



Leagan 3.0  
25 Lúnasa 2022

# VACSAÍN MVA-BN MAR FHREAGRA AR BHOLGACH MONCAÍ

## Maidir leis an leabhrán seo

Soláthraíonn an leabhrán seo eolas ginearálta faoin vacsaín MVA-BN nuair a úsáidtear é mar fhreagra ar bholgach moncaí.

Tá eolas ann ar:

Cad is bolgach moncaí ann?

Rioscaí a bhaineann le hionfhabhtú bolgaí moncaí?

Cad é an vacsaín MVA-BN agus cén fáth a thairgtear é mar fhreagra ar bholgach moncaí?

Cé dóibh a bhfuil an vacsaín seo á tairiscint mar fhreagra ar bholgach mhoncaí?

An bhfuil an vacsaín éifeachtach i gcoinne bolgach moncaí?

An bhfuil an vacsaín sábháilte?

An féidir leis an vacsaín a bheith ina chúis le bolgach moncaí nó le bolgach?

Conas a thugtar an vacsaín seo?

Cé mhéad dáileog den vacsaín a bheidh ag teastáil uaim?

Cá fhad a thógann sé ar an vacsaín dul i bhfeidhm?

Cad iad na fo-iarmhairtí a bhaineann leis an vacsaín?

An bhfuil roinnt daoine ann nár chóir an vacsaín a fháil?

Cathain ar féidir le daoine an vacsaín MVA-BN a fháil tar éis vacsaín COVID-19 a fháil?

Cathain ar féidir le daoine vacsaín COVID-19 a fháil tar éis vacsaín MVA-BN a fháil?

An féidir le daoine le heachma (deirmitíteas atopach) an vacsaín a fháil?

An féidir leat an vacsaín a fháil má tá teocht ard agat?

An féidir leat an vacsaín a fháil má tá córas imdhíonachta lag agat?

An féidir leat an vacsaín a fháil má tá tú ag iompar clainne nó ag cothú cíche?

An féidir le leanaí (faoi bhun 18 mbliana d'aois) an vacsaín seo a fháil?

Conas is féidir liom fo-iarmhairtí a thuairisciú?

Tuilleadh eolais.

Léigh an bhileog seo go cúramach agus coinnigh í, mar b'fhéidir go mbeidh ort tagairt siar a dhéanamh di.

Labhair le d'fhoireann cúraim sláinte má tá aon cheist agat faoin vacsaín seo.

Is í aidhm an leabhráin faisnéise seo ná deis a thabhairt duit cinneadh eolach a dhéanamh maidir leis an vacsaín a fháil.

## Cad is bolgach moncaí ann?

Is ionfhabhtú neamhchoitianta é bolgach moncaí a tharlaíonn mar gheall ar an víreas bolgaí moncaí. Tá an baol a bhaineann lena tholadh in Éirinn an-íseal. Tá sé an-neamhchoitianta bolgach moncaí a fháil ó dhuine eile mar nach scaipeann sé go héasca idir daoine.

Is é an baol is mó lena scaipeadh idir dhaoine ná trí dhlúth-theagmháil fhisiciúil le duine, teagmháil ghnéasach san áireamh, a bhfuil bolgach moncaí air/uirthi.

Is féidir é a scaipeadh idir daoine freisin trí:

- teagmháil a dhéanamh le héadaí, le héadaí leapa nó le tuáillí a úsáideann duine a bhfuil gríos bolgaí moncaí air/uirthi
- teagmháil a dhéanamh le spuaiceanna nó gearbóga chraicinn bolgaí moncaí
- a bheith gar do chasacht nó do shraothanna duine a bhfuil bolgach moncaí air/uirthi

De ghnáth tógann sé idir 5 agus 21 lá ó theagmháil le duine ionfhabhtaithe go dtí go bhfeictear ceann de na chéad siomptóim. I measc na gcéad chomharthaí de bholgach moncaí tá:

- fiabhras (38 céim Celsius nó níos airde)
- tinneas cinn
- traochadh
- matáin nimhneacha
- tinneas droma
- borrfhaireoga
- crithfhuacht

De ghnáth bíonn gríos le feiceáil 1 go 5 lá tar éis na chéad chomharthaí. Is minic a thosaíonn an gríos ar aghaidh an duine, agus ansin scaipeann sé chuig codanna eile den chorp. Má scaiptear bolgach moncaí trí theagmháil ghnéis, is féidir leis an ngríos a bheith le feiceáil timpeall an bhéil, na liopaí, na mball ghiniúna agus ar an gconair anasach.

Is féidir leis an ngríos a bheith cosúil le deilgneach. Tosaíonn sé mar spotaí ardaithe, a athraíonn ina spuaiceanna beaga lán le sreabhán. Tagann gearbóga a thiteann ina dhiaidh sin ó na spuaiceanna seo, cé go bhfuil baol ann go bhfágfaí coilim ar an ggráiceann nuair a thiteann na gearbóga.

## Rioscaí a bhaineann le hionfhabhtú bolgaí moncaí?

De ghnáth bíonn an tinneas éadrom agus tagann an chuid is mó de na daoine chucu féin i gceann 2 go 4 seachtaine.

Mar sin féin, is féidir le bolgach moncaí a bheith ina chúis le tinneas tromchúiseach. Uaireanta, go háirithe i ndaoine a bhfuil córas imdhíonachta lag acu, mná torracha nó leanaí an-óg is féidir leis a bheith ina thinneas tromchúiseach.

Mar chuid den aimhréidh a bhaineann le hionfhabhtú bolgaí moncaí tá níúmóine, seipsis (frithghníomhú ar ionfhabhtú a d'fhéadfadh a bheith bagrach don bheatha), ionfhabhtú súile (a bhféadfadh caillteanas radhairc teacht as) agus athlasadh na hinchinne (einceifealaíteas).

Is féidir le hionfhabhtú bolgaí moncaí a bheith marfach in amanna.

## Cad é an vacsaín MVA-BN agus cén fáth a thairgtear é mar fhreagra ar bholgach moncaí?

Is substaint í an vacsaín ar chóir di imdhíonacht (cosaint) a fheabhsú d'ionfhabhtú ar leith.

Mhonaraigh an comhlacht Bavarian Nordic an vacsaín MVA-BN. Is leagan 'lagaithe' de leagan an víris vaccinia (víreas Beo Modhnaithe an Vaccina Ankara Bavarian Nordic; MVA-BN) é an vacsaín sin a bhfuil gaol aige leis an víreas bolgaí. Spreagann an vacsaín do chorp chun antasubstaintí a fhás. Cuidíonn na hantasubstaintí seo le troid in éadan víris na bolgaí má thagann do chorp i dteagmháil leis sa todhchaí. Toisc go bhfuil víreas bolgaí moncaí an-chosúil le víreas na bolgaí, léiríonn staidéir atá déanta go bhfuil vacsaín na bolgaí éifeachtach chun tú a chosaint ó víreas bolgaí moncaí freisin. Dá bhrí sin, táthar ag súil go dtabharfaidh na hantasubstaintí a spreagann an vacsaín seo cosaint i gcoinne an víris bolgaí moncaí.

Tugtar Imvanex® ar an vacsaín arna cheadúnú san Eoraip ag an nGníomhaireacht Leigheasra Eorpach (GLE) ar mhaithe le galar arna chruthú ag na víris bhoglaí, bhoglaí moncaí agus vaccinia a chosc. Ceadaítear Imvanex faoi láthair (ar a dtugtar Jynneos) sna Stáit Aontaithe agus i gCeanada (ar a dtugtar Imvamune) ar mhaithe leis na galair bhoglaí agus bhoglaí moncaí a chosc i ndaoine fásta. I ngeall ar stoic theoranta d'Imvanex, mhol Tascfhórsa Éigeandála GLE gur féidir an vacsaín Jynneos a úsáid san Aontas Eorpach mar fhreagra ar an ngalar boglaí moncaí freisin.

## Cé dóibh a bhfuil an vacsaín seo á tairiscint mar fhreagra ar bholgach moncaí?

Is féidir an vacsaín a thairiscint:

1) Roimh theagmháil le víreas boglaí moncaí

Daoine a bhfuil ardriosca de theagmháil ag baint leo, lena n-áirítear daoine atá aerach, déghnéasach, fir a mbíonn gnéas acu le fir (gbMSM) agus daoine eile a bhfuil ardriosca de theagmháil neamhchosanta ag baint leo.

2) Tar éis teagmhála le víreas boglaí moncaí

Daoine a d'fhéadfadh a bheith i dteagmháil le daoine a bhfuil bolgach moncaí orthu.

Níl an vacsaín seo ag teastáil ó gach duine a bhí i dteagmháil le víreas boglaí moncaí. D'fhéadfadh sé go dtairgfí an vacsaín do dhlúth-theagmhálaithe bunaithe ar chineál agus ar ghairneacht a gcuid teagmhála le duine atá ionfhabhtaithe le bolgach moncaí. Tairgfídh speisialtóirí sláinte phoiblí an vacsaín seo tar éis measúnú riosca ar shochar.

## An bhfuil an vacsaín éifeachtach i gcoinne bolgach moncaí?

Tugann sonraí le fios go bhfuil vacsaíniú in aghaidh na boglaí 85% éifeachtach chun breoiteacht a bhaineann le hionfhabhtú boglaí moncaí a chosc. Tá an vacsaín seo éifeachtach chun antasubstaintí a tháirgeadh i gcoinne na boglaí agus dá bhrí sin is féidir a bheith ag súil go dtabharfaidh sé cosaint i gcoinne bolgach moncaí freisin.

Má úsáidtear an vacsaín ar dhaoine tar éis dóibh a bheith i dteagmháil leis an víreas boglaí moncaí is fearr an vacsaín a thabhairt laistigh de cheithre lá ón gcéad theagmháil, mar go bhféadfadh an vacsaín cosaint a thabhairt i gcoinne tinnis a bhaineann le bolgach moncaí.

Mar sin féin, is féidir an vacsaín a thabhairt suas le coicís tar éis teagmháil a dhéanamh leis an víreas moncaí. Cé nach bhféadfadh an vacsaín an tinneas a chosc, d'fhéadfadh sé comharthaí tromchúiseacha a laghdú.

## An bhfuil an vacsaín sábháilte?

Táimid fós ag foghlaim faoi cé chomh maith agus a chosnaíonn an vacsaín i gcoinne bolgach moncaí agus faoi na fo-iarmhairtí a bhaineann leis.

Tá an vacsaín ceadaithe ag an GLE lena úsáid san Eoraip ag daoine fásta (ocht mbliana déag d'aois nó os a chionn) ar mhaithe le galar a chosc ó na víris bhoglaí, bhoglaí moncaí agus vaccinia.

Mhol an Coiste Comhairleach Náisiúnta um Imdhíonadh in Éirinn gur féidir an vacsaín seo a úsáid chun daoine a chosaint ó bhulgach moncaí.

Tástáladh sábháilteacht na vacsaíne seo i níos mó ná 20 triail chliniciúil ina raibh os cionn 5,000 duine páirteach iontu.

Tá faisnéis theoranta againn maidir le húsáid na vacsaíne seo, mar shampla do pháistí agus mná torracha.

Le déanaí, chuir a lán tíortha tús leis an vacsaín MVA-BN a úsáid ar mhaithe leis an ngalar boglaí moncaí a chosc.

Tá fo-iarsmaí ag gach cógas agus ba cheart duit léamh faoi fho-iarsmaí coitianta agus neamhchoitianta atá ar ár n-eolas faoin vacsaín seo sa bhileog seo sula dtugann tú toiliú go vacsaíneofar thú.

## An féidir leis an vacsaín a bheith ina chúis le bolgach moncaí nó le bolgach?

Ní féidir. Tá foirm laghdaithe den víreas sa vacsaín nach féidir léi a bheith ina chúis le galar i ndaoine. Is dócha go mbeidh níos lú fo-iarsmaí as ná as vacsaíní eile boglaí agus féadfar é a úsáid i ndaoine a bhfuil córas imdhíonachta lag acu.

## Conas a thugtar an vacsaín seo?

Is féidir an vacsaín a thabhairt ar dhá bhealach:

Is féidir an vacsaín seo a thabhairt mar instealladh faoin gcráiceann (fo-chraicneach) in uachtar na láimhe. Dóibh siúd atá 18 mbliana d'aois nó níos sine, is féidir é a thabhairt freisin mar instealladh idir shraitheanna an chraicinn (go hindeirmeach) ar an rí. Ligfidh sé seo do níos mó daoine an vacsaín a fháil ach d'fhéadfadh go mbeadh fo-iarmhairtí i gceist le níos mó daoine freisin.

Tá an Ghníomhaireacht Leigheasra Eorpach agus an Coiste Comhairleach Náisiúnta um Imdhíonadh in Éirinn tar éis comhairle a thabhairt gur féidir an vacsaín a thabhairt idir shraitheanna an chraicinn fad is atá easpa vacsaíne ann, lena chinntiú go ndéantar vacsaíniú ar an méid is mó daoine ar féidir.

## Cé mhéad dáileog den vacsaín a bheidh ag teastáil uaim?

Ba cheart go bhfaigheadh daoine a dtugtar an vacsaín seo dóibh, sula nochtar iad do bholgach moncaí, dhá dháileog 28 lá óna chéile mura bhfuair siad vacsaín bholgaí riamh roimhe seo. Ba chóir eatramh dháileoige níos lú ná 4 seachtaine a sheachaint.

Ní bhíonn ach dáileog amháin de ghnáth de dhíth orthu siúd a mholtar an vacsaín seo a fháil toisc gur nochtadh do bholgach moncaí iad. Mura bhfuair tú vacsaín bolgaí riamh roimhe seo, d'fhéadfaí an dara dáileog a thairiscint duit 28 lá ina dhiaidh sin más dócha go leanfar le do theagmháil le bolgach moncaí.

Tugann vacsaín bholgaí a tugadh roimhe seo cosaint i gcoinne bolgach moncaí. Mar sin féin, cuireadh deireadh le vacsaín bholgaí in Éirinn i 1972. Ní bheidh vacsaín bholgaí faighte ag daoine faoi bhun 50 bliain d'aois. Má fuair tú vacsaín bholgaí roimhe seo, ní theastaíonn uait ach 1 dáileog den vacsaín mura bhfuil córas imdhíonachta lag agat, uair a theastaíonn dhá dháileog uait.

## Cá fhad a thógann sé ar an vacsaín dul i bhfeidhm?

Tairgfear cúrsa den vacsaín seo duit (dáileog nó dhó).

Tar éis cúrsa molta na vacsaíne seo a chríochnú beidh imdhíonacht ag an gcuid is mó de na daoine. Ciallaíonn sé seo gur chóir go mbeadh cosaint acu i gcoinne bolgach moncaí. Tógann sé 14 lá tar éis duit do chúrsa den vacsaín seo a chríochnú chun go n-oibreoidh sé.

Táthar ag súil go mbeidh freagra an choirp i leith na vacsaíne cosúil cé acu an dtugtar faoin gcráiceann é (fo-chraicneach) nó idir shraitheanna an chraicinn (go hindeirmeach).

Tá baol ann go bhfaighidh tú tinneas bolgaí moncaí fós, fiú má bhí an vacsaín agat, go háirithe má fhaigheann tú é níos mó ná ceithre lá tar éis duit teagmháil a dhéanamh leis an ngalar, ach d'fhéadfadh sé aon siomptóim de ghalar moncaí a laghdú.

## Cad iad na fo-iarmhairtí a bhaineann leis an vacsaín?

Cosúil le gach cógas, is féidir le vacsaíní fo-iarmhairtí a chothú. Tá an chuid is mó díobh seo éadrom go measartha, gearrthéarmach, agus ní fhaigheann gach duine iad. Tá minicíocht chosúil ag an gcuid is mó de na fo-iarmhairtí tar éis an chéad agus an dara dáileog cé acu an dtugtar an vacsaín faoin gcráiceann nó idir shraitheanna an chraicinn.

Beidh na fo-iarsmaí an-choitianta seo ag níos mó ná duine amháin as gach deichniúr:

- tinneas cinn
- matáin nimhneacha
- masmas
- tuirse
- fo-iarmhairtí san áit ar tugadh an vacsaín (pian, deargadh, at, cruas nó tochas).

Má thugtar an vacsaín duit idir shraitheanna an chraicinn (go hindeirmeach), is gnách cnapán beag nó athrú i ndath an chraicinn a fheiceáil san áit ar tugadh an vacsaín. D'fhéadfadh sé seo a bheith ann ar feadh roinnt mí. Is rud an-choitianta é seo tar éis do dhuine an dara dáileog a fháil.

## Cad iad na fo-iarmhairtí a bhaineann leis an vacsaín?

Beidh na fo-iarsmaí coitianta seo ag suas le duine amháin as gach deichniúr:

- fiabhras nó crithfhuacht
- pian ailt
- pian sna lámha agus na cosa
- easpa goile
- fo-iarmhairtí san áit ar tugadh an vacsaín (cnapshuim, mílíthiú, brú craicinn nó teas)

Beidh na fo-iarsmaí neamhchoitianta seo ag suas le duine amháin as céad duine:

- ionfhabhtú sróine agus scornaí
- ionfhabhtú sa chonair riospráide uachtair
- nóid limfe ata
- codladh neamhghnách
- meadhrán
- braistintí craicinn neamhghnácha
- righneas matánach
- scornach thinn
- srón ag sileadh
- casacht
- buinneach
- urlacan
- gríos
- tochas
- athlasadh craicinn
- fo-iarsmaí san áit ar tugadh an vacsaín (ag cur fola agus greannú)
- at faoin ascaill
- mothú tinn
- sruthlú
- pian chliabhraigh
- méadú ar bhithchomharthaí sóirt cairdiacha (cosúil le Trópainin I)
- einsím ae mhéadaithe
- áireamh leocaicítí laghdaithe
- meántoirt phláitíní laghdaithe

Beidh na fo-iarsmaí neamhchoitianta seo ag suas le duine amháin as gach míle:

- pian san ascaill
- ionfhabhtú cuasa
- an fliú agus tinneas cosúil leis an bhfliú
- toinníteas
- aodh thochais
- mílíthiú craicinn
- allas
- brú craicinn
- allas oíche
- cnap ar an gcraiceann
- pian droma
- pian sa mhúineál
- freangaí matáin
- pian matáin
- laige matáin
- na lámha agus na cosa ag at
- buille croí tapa
- cráphian cluasa agus scornaí
- pian bhoilg
- béal tirim
- meadhrán
- mígréin

- neamhord néaróige is cúis le laige, griofadach nó bodhaire
- fonn codlata
- fo-iarmhairtí san áit ar tugadh an vacsaín (scamhadh, athlasadh, mothú neamhghnách craicinn, imoibriú, gríos, bodhaire, triomacht, lagú gluaiseachta agus saicíní - sac beag lán le sreabhán)
- laige
- an t-aghaidh, an béal agus an scornach ag at
- áireamh fuilcheall bán méadaithe
- brú

## An bhfuil roinnt daoine ann nár chóir an vacsaín a fháil?

Tá. Níor chóir duit an vacsaín a fháil má bhí frithghníomhú tromchúiseach ailléirgeach agat ar aon cheann de na comhábhair sa vacsaín (lena n-áirítear próitéin sicín, benzonase, gentamicin, ciopróflocaicin agus Trometamol).

Níor cheart duit an vacsaín a fháil idir shraitheanna an chraicinn má tá stair d'fhoirmíocht coilim cheallóidigh, ach féadfaidh tú fós an vacsaín a fháil faoin gcráiceann.

Léigh Bileog Fhaisnéise Othair an déantóra chun liosta iomlán na gcomhábhar a fheiceáil.

## Cathain ar féidir le daoine an vacsaín MVA-BN a fháil tar éis vacsaín COVID-19 a fháil?

Is féidir leat do vacsaín MVA-BN a fháil ag aon am tar éis do vacsaín COVID-19 a fháil.

## Cathain ar féidir le daoine vacsaín COVID-19 a fháil tar éis vacsaín MVA-BN a fháil?

Mar réamhchúram tá an NIAC tar éis a mholadh gur cheart duit ceithre seachtaine (nó 28 lá) a fhágáil tar éis an vacsaín MVA-BN a fháil sula bhfaigheann tú do vacsaín COVID-19 toisc go bhfuil riosca anaithnid ann de mhiócairdíteas (riocht athlastach sa chroí).

## An féidir le daoine le heachma (deirmitíteas atopach) an vacsaín a fháil?

D'fhéadfadh daoine le heachma (deirmitíteas atopach) níos mó fo-iarsmaí a fháil tar éis an vacsaínithe.

D'fhéadfadh go gcuirfeadh eachma as arís do sheachtar as gach céad duine a bhfuil eachma orthu a fhaigheann an vacsaín .

## An féidir leat an vacsaín a fháil má tá teocht ard agat?

Ní féidir. Má tá fiabhras ort (teocht 38 céim Celsius nó níos airde), ba cheart duit fanacht leis an vacsaín a fháil go dtí go mbraitheann tú níos fearr (mura sáraíonn na rioscaí na buntáistí).

## An féidir leat an vacsaín a fháil má tá córas imdhíonachta lag agat?

Is féidir. Is féidir an vacsaín a úsáid ar dhaoine a bhfuil córas imdhíonachta lag acu (lena n-áirítear daoine a bhfuil VEID orthu). Pléifidh an dochtúir é seo leat sula bhfaighidh tú an vacsaín. Mar sin féin, b'fhéidir nach n-oibreoidh an vacsaín chomh maith duitse.

## An féidir leat an vacsaín a fháil má tá tú ag iompar clainne nó ag cothú cíche?

Níl aon fhianaise ann nach bhfuil an vacsaín sábháilte má tá tú ag iompar clainne, toisc nach n-atáirgeann an vacsaín i gcealla daonna. **Tá sonraí atá ann teoranta maidir leis an vacsaín seo a úsáid ar mhná torracha.** Níor aithníodh aon imní shábháilteachta dóibh ná dá bpáistí. Is féidir le bolgach moncaí, áfach, a bheith ina chúis le tinneas tromchúiseach i mná torracha, agus d'fhéadfadh ionfhabhtú leanbh sa bhroinn agus marbh-bhreith a bheith mar thoradh air.

Is féidir leat an vacsaín a fháil má tá tú ag cothú cíche. Ní atáirgeann dáileog na vacsaíne i gcealla daonna ach ní fíós an bhfuil an vacsaín i mbainne cíche.

Táimid fós ag foghlaim faoin vacsaín seo. Má tá tú ag iompar clainne nó ag cothú cíche, ba chóir duit labhairt le dochtúir faoi na rioscaí agus na buntáistí a bhaineann leis an vacsaín seo agus na rioscaí a bhaineann le bolgach moncaí.

## An féidir le leanáí (faoi bhun 18 mbliana d'aois) an vacsaín seo a fháil?

Níl an vacsaín ceadaithe i bpáistí faoi bhun ocht mbliana déag d'aois chun cosaint a dhéanamh ar bholgach. Táimid fós ag foghlaim faoin vacsaín seo i bpáistí. Níl eolas faoin tsábháilteacht agus cé chomh maith agus a oibríonn an vacsaín seo i bpáistí ann. Baineadh úsáid as vacsaíní den chineál céanna i bpáistí chomh hóg le 5 mhí i dtrialacha cliniciúla. Táthar ag súil go mbeidh na fo-iarsmaí i bpáistí cosúil leo sin i ndaoine fásta.

Tá páistí i mbaol níos mó ó thinneas tromchúiseach ó bholgach moncaí.

Caithfidh tuismitheoirí nó caomhnóirí dlíthiúla toiliú le páistí faoi bhun sé bliana déag d'aois sular féidir leo an vacsaín a fháil. Má tá an vacsaín á tairiscint do pháiste (faoi bhun ocht mbliana déag d'aois), pléifear riosca agus tairbhí na vacsaíne agus an baol bolgaí moncaí leis an duine óg agus lena dteaghlach roimh ré.

Tairgfear an vacsaín faoin gcráiceann (go fo-chraicneach) d'aon duine atá faoi 18 mbliana d'aois.

## Conas is féidir liom fo-iarmhairtí a thuairisciú?

Mar is amhlaidh le gach vacsaín, is féidir leat fo-iarsmaí amhrasacha a thuairisciú don Údarás Rialála Táirgí Sláinte (HPRA).

Is é HPRA an t-údarás rialála i bPoblacht na hÉireann le haghaidh cógas, feistí leighis agus táirgí sláinte eile. Mar chuid dá ról i monatóireacht sábháilteachta a dhéanamh ar chógas, oibríonn HPRA córas trínar féidir le gairmithe cúraim sláinte nó baill den phobal aon fhrithghníomhartha díobhálacha amhrasacha (fo - iarmhairtí) a thuairisciú a bhaineann le cógas agus vacsaíní a tharla in Éirinn.

Molann HPRA go láidir frithghníomhartha díobhálacha amhrasacha (fo-iarsmaí) a bhaineann leis an vacsaín seo a thuairisciú chun tacú le monatóireacht leanúnach a dhéanamh ar a n-úsáid shábháilte agus éifeachtach. Chun frithghníomh díobhálach amhrasacha ar an vacsaín seo a thuairisciú, tabhair cuairt ar [www.hpra.ie/report](http://www.hpra.ie/report)

Is féidir leat iarraidh ar do Dhochtúir nó ar bhall teaghlaigh é seo a thuairisciú duit freisin. Ba cheart an oiread faisnéise agus is eol a sholáthar, agus nuair is féidir, ba cheart an bhaisc-uimhir vacsaíne a chur san áireamh.

Ní féidir leis an HPRA comhairle chliniciúil a sholáthar ar chásanna aonair. Ba cheart do bhaill den phobal teagmháil a dhéanamh lena ngairmí cúraim sláinte le haon imní leighis atá orthu.

## Tuilleadh eolais

Chun tuilleadh faisnéise a fháil, léigh Bileog Fhaisnéise Othair an déantóra. Déanfar é seo a phriontáil duit sula bhfaighidh tú an vacsaín, nó is féidir leat é a fháil ar [www.ema.europa.eu/en/medicines/human/EPAR/imvanex](http://www.ema.europa.eu/en/medicines/human/EPAR/imvanex)

Is féidir leat labhairt le gairmí sláinte freisin, amhail do dhochtúir teaghlaigh (Dochtúir), nó d'fhoireann cúraim sláinte.

Is féidir leat cuairt a thabhairt freisin ar láithreán gréasáin FSS [www.hse.ie/conditions/monkeypox/](http://www.hse.ie/conditions/monkeypox/)